# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le ***fíormhaith***?
   (a) Uafásach
   (b) Ceart go leor
   (c) Thar barr

2. Tá an frása ***d'imigh sé*** i bparagraf 5. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **ina dhiaidh sin**?
   (a) Ar a bharr sin
   (b) Roimhe sin
   (c) Faoi sin

4. Is sloinne é Disney. Ainmnigh 3 shloinne eile atá ar dhaoine in Éirinn.

## Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. Cé acu scannán de chuid Walt Disney is fearr leat féin?
5. Cad é an scannán is fearr a chonaic tú riamh?


CCEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com
Pictiúr Clúdaigh © J.R. Eyerman/The LIFE Picture Collection/Getty Images
Foilseachán de chuid CCEA © 2016

7 Walt Disney

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Walt Disney

# Walt Disney

An bhfaca tú **scannán** de chuid Disney riamh? B'fhéidir go bhfaca do thuismitheoirí *The Jungle Book* nó *Peter Pan* nuair a bhí siad óg agus is cinnte go bhfaca tú féin scannáin mar *The Lion King* nó *Frozen*. Nó b'fhéidir go raibh tú in *Disney World* in Florida i Meiriceá ar laethanta saoire nó in *Disneyland* i bPáras sa Fhrainc. Ach cad é an chiall atá le *Disney*?

Is é Walt Disney a rugadh sa bhliain 1901 atá i gceist. Rinne sé cuid mhór scannáin chlúiteacha go dtí go bhfuair sé bás in 1966. Bhí spéis mhór aige sna cartúin agus rinne sé a chéad chartún sa bhliain 1928 darbh ainm *Steamboat Willie*. Níorbh fhada gur chruthaigh sé *Mickey Mouse*, an carachtar is mó agus is clúití sna cartúin ar feadh blianta ina dhiaidh sin. Chruthaigh sé carachtair eile go luath **ina dhiaidh sin** a bhí iontach clúiteach fosta mar *Goofy* agus *Donald Duck*. Thar na blianta, d'éirigh thar barr le cartúin mhóra iontacha eile a rinne Disney mar *Snow White, Bambi, Pinocchio, Cinderella* agus *Sleeping Beauty*.

Ní hamháin go raibh Walt thar barr ag déanamh cartún, ach chomh maith leis sin, d'oscail sé an pháirc mhór chlúiteach siamsaíochta *Disneyland* in California sa bhliain 1955. Tháinig na mílte chuig *Disneyland* bliain i ndiaidh bliana agus tá na mílte ag dul ann go fóill. Mar gheall air seo, tógadh páirc níos mó agus níos fearr in 1971 in Florida darb ainm *Disney World*. Osclaíodh ceann eile i bPáras sa Fhrainc 20 bliain ina dhiaidh sin. Ní hamháin go bhfuil sé **fíormhaith** ach tá sé i bhfad níos cóngaraí dúinne anseo in Éirinn, ar ndóigh!

An raibh a fhios agat go raibh baint ag Walt Disney le hÉirinn? Ba as Cill Chainnigh a shin-seanathair, Arundel Elias Disney. Fuair Arundel an sloinne Disney ón sloinne Francach *d'Isigny* a bhí ar a athair.

Cé nach bhfuil Walt Disney féin go fóill linn, tá a dhraíocht go fóill ann ina chuid cartún. Tá sé ar na daoine is clúití ar domhan go fóill. D'fhág sé rudaí iontacha draíochtacha againn nuair a **d'imigh sé**. Is cinnte go mbeidh daoine ag amharc ar *Frozen* i gceann 100 bliain mar a bhíonn muidne go fóill ag amharc ar *Cinderella* sa lá atá inniu ann!

# Ceisteanna

**1. Cad é a rinne Walt Disney?**
(a) Scríobh sé filíocht
(b) Rinne sé scannáin
(c) Chum sé ceol

**2. Cad é a bhí speisialta faoin charachtar *Mickey Mouse*?**
(a) D'éirigh sé iontach clúiteach
(b) Bhí sé amaideach
(c) Bhí a lán cairde aige

**3. Cé acu abairt thíos atá fíor?**
(a) Rinne daoine dearmad ar Walt Disney
(b) Tá dúil ag daoine ina chuid scannán go fóill
(c) Níl dúil ag duine ar bith ina chuid scannán sa lá atá inniu ann

**4. Cad é mar atá a fhios againn gur éirigh go maith le Walt Disney?**
(a) Níor éirigh go maith leis na cartúin a rinne sé
(b) Duine iontach cliste a bhí ann
(c) Tá sé ar na daoine is clúití ar domhan go fóill

**5. Cad é an bhaint a bhí ag Walt Disney le hÉirinn?**
(a) Chaith sé blianta ina chónaí in Éirinn
(b) Rugadh in Éirinn é
(c) Ba as Éirinn cuid den teaghlach s'aige

**6. Cén dóigh a bhfuil *Disneyland* i bPáras áisiúil dúinne in Éirinn, do bharúil?**
(a) Tá gach rud saor in aisce
(b) Tá sé cóngarach dúinn
(c) Ní labhraíonn siad ach Fraincis ann

**7. I bparagraf 1 tá an focal scannán in úsáid mar:**
(a) dobhriathar.
(b) aidiacht.
(c) ainmfhocal.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Finscéal
(b) Neamhfhicsean
(c) Ficsean